An Roinn Oideachais
agus Scileanna

# Ceol na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar


Page 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Page 4 **Réasúnaíocht**

Page 6 **Aidhm**

Page 7 **Forbhreathnú: Naisc**

Na ráitis foghlama
Príomhscileanna

Page 10 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leanúnachas agus dul chun cinn

Page 14 **Lonchais maidir le scoláirí**

Torthaí Foghlama

Page 18 **Measúnú agus Tuairisciú**

Page 25 **Aguisín A**

Bloc sceitseála Amharc-ealaíne

Page 28 **Aguisín B:**

Cásanna

Page 33 **Aguisín C**

Gluais téarmaí don Amharc-ealaín

Page 36 **Aguisín D**

Gluais de Bhriathra Gnímh

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo: cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora; agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. Tógtar i gclár na sraithe sóisearaí ar a bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana agus tugtar tacaíocht dá chur chun cinn; agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

In oideachas a fhéachann le tacú le forbairt an duine iomláin agus í a chothú is rud bunúsach é bheith ag foghlaim faoi agus trí na healaíona. Cuireann feasacht ar na healaíona, páirtíocht iontu agus léirthuiscint orthu ar chumas scoláire dul i dteagmháil le saol saibhir cruthaitheachta, samhlaíochta agus nuálaíochta (Cairt na nEalaíon san Oideachas, 2012). Dearbhaíonn  Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe (Airteagal 27) na cearta ag atá ag gach duine 'a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha an phobail agus taitneamh a bhaint as na healaíona'.

Trí bheith rannpháirteach leis an gceol, tugtar deiseanna don scoláire scileanna nua a fhorbairt, agus leas a bhaint as a n-eispéiris roimhe sin ag an am céanna. Bíonn na heispéiris sin lárnach go minic dár bheith mar go bhfuil an ceol i ngach uile áit. Ón nóiméad a shaolaímid tagaimid isteach i saol ceoil. Luathnasc nádúrtha is ea an ceol idir naíonáin agus feighlithe. Léirítear le taighde idirnáisiúnta go mbíonn claonadh daonna ann ó luathmhíonna saoil páiste le freagairt don cheol agus a bheith rannpháirteach leis. Leis an gceol, is féidir leis na scoláirí iad féin a shá go hinleachtúil, go mothúchánach, go fisiciúil agus go cinéistéiseach san eispéireas foghlama. Gníomhaíochtaí comhoibríocha agus idirphearsanta is ea léiriú agus cumadóireacht an cheoil, ina bhforbraítear scileanna sóisialta trí smaointe, scileanna, nó uirlisí a roinnt.

Is féidir leis an gceol timpeallacht a chur ar fáil don scoláire ina bhfuil sé sábháilte iniúchadh agus turgnamh a dhéanamh agus rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh. Is féidir leis an scoláire a bheith i mbun foghlama leis an ábhar atá mealltach, spreagthach, dúshlánach, spreagúil, pléisiúrtha agus fuascailteach. Spreagtar an scoláire le comhoibriú i gcumadh smaointe agus i gcur i láthair na smaointe sin agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid saothair agus ar shaothar scoláirí eile. Trí éisteacht le ceol na scoláirí eile, agus é sin a mheascadh isteach ina smaointe féin, foghlaimíonn an scoláire conas a chruthaítear saothair cheoil. Trí thuiscint a bheith ag an scoláire ar conas saothair scoláirí eile a mheasúnú agus a léirmheas, foghlaimíonn siad an dóigh le bheith féinmhachnamhach agus le feabhas a chur ar a gcruthú ceoil féin.

Mar iarracht chruthaitheach, is féidir leis an gceol forbairt eispéireas samhlaíoch agus taiscéalaíoch a éascú, i gcás go soláthraítear an deis d'indibhidiúlacht agus do phearsantacht na scoláirí fás agus iad féin a chur in iúl. Trí staidéar a dhéanamh ar an gceol cuirtear deiseanna ar feadh an tsaoil ar fáil chun an tsamhlaíocht a fhorbairt ar bhealaí uathúla, trí bheith ag éisteacht le saothair choitianta agus neamhchoitianta, eolas agus tuiscint a fháil ar fhuaimeanna go hinmheánach, pictiúir nó scéalta fuaime a chruthú agus mothúcháin agus mothú a chur in iúl i

bhfuaim.

Tá sé spreagúil agus bríomhar an ceol a fhoghlaim ann féin agus tá sé ina ghníomhaíocht shásúil do dhaoine óga toisc gur gníomhaíocht theagmhálach í; bíonn an scoláire páirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí a bhaineann lena shaol agus a bhfuil ceangal acu lena shaol lasmuigh den seomra ranga. Cothaíonn an ceol na scileanna faoi leith a bhaineann leis an ábhar, agus réimse scileanna inaistrithe a fhéadfar a chur i bhfeidhm ar iarrachtaí aonair agus comhoibríocha eile. Trí ghluaiseacht, fuaim, siombail agus íomhá, trí beith rannpháirteach leis an gceol, is féidir smaointe cruthaitheacha daoine a aistriú go saothair léiritheacha a chuireann mothúcháin, cialla agus léirmhínithe do lucht éisteachta/féachana níos leithne.

Tá an ceol tábhachtach mar chatalaíoch chun caipiteal cultúrtha a fhorbairt sa scoláire aonair agus sa rang le chéile. Trí bheith bainteach le réimse gníomhaíochtaí ceoil agus páirt a ghlacadh iontu, is féidir linn a chinntiú go leanfaimid le saoránaigh a fhorbairt amach anseo a bheidh páirteach ó thaobh cultúir de, feasach ó thaobh cultúir de agus ceangailte ó thaobh cultúir de. Nuair a bhíonn an scoláire feasach ó thaobh cultúir de méadaíonn a thuiscint ar fhéiniúlachtaí cultúrtha náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Agus daonra atá ag éirí níos éagsúla agus níos iolraíche ann anois, spreagfaidh an tuiscint seo ar dhaoine eile trí lionsa cultúrtha an scoláire le forbairt mar shaoránaigh fhreagracha agus eiticiúla.

Foinse is ea an ceol chun stair a thuiscint, a thagann leis an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha agus leis an ré inar cruthaíodh é. Leis an gceol is féidir féiniúlacht chultúrtha tíre, meon na ndaoine nó smaointe na ndaoine aonair a bhfuil cónaí orthu ansin a léiriú. Leis an oideachas ceoil forbraíonn an duine óg feasacht agus léirthuiscint ar a dtimpeallacht agus ar a n-éiteas cultúrtha uathúil féin Trí pháirt a thabhairt don scoláire i gcúlra saibhir a thraidisiúin dhúchasaigh ceoil chomh maith le seánraí eile ceoil, cuireann an t-oideachas ceoil le heolas agus tuiscint scoláirí ar dhaoine eile, a réanna, a gcultúir agus a dtraidisiúin.

# Aidhm

Is é is aidhm leis an tsonraíocht cheoil seo cur le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta, féinléiriú, féinmhuinín, samhlaíocht agus íogaireacht ilchultúrtha, agus dá bhrí sin, le forbairt an duine ina iomláine. Forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun ceol barántúil agus bunaidh, arb é a gceol féin agus ceol daoine eile. Trína dhéanamh sin, forbróidh sé an litearthacht cheoil, na scileanna criticiúla agus an teanga atá riachtanach le dul i ngleic le domhan an cheoil inniu.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil an Ceol nasctha le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc mar a thugtar breac-chuntas orthu sa *Chreat don tSraith Shóisearach* 2015.

**Tábla 1: Naisc idir Ceol na Sraithe Sóisearaí agus na ráitis foghlama**

**NA RÁITIS FOGHLAMA**

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil. | Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar chruthú, léirthuiscint agus léirmhíniú téacsanna ceoil i bhformáid éagsúla nótáilte, lena n-áirítear nodaireacht na foirne, nodaireacht ghrafach, ag baint úsáid as modhanna teicneolaíocha agus formáidí cuí eile. |
| RF 4: Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist. | Cruthóidh an scoláire raon saothar cumtha; gabhfaidh sé agus cuirfidh sé i láthair na próisis agus na gcinntí a rinneadh trí phunanna, lámhscríbhinní agus meáin chuí eile. |
| RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Úsáideann an scoláire a smaointe agus a aschuir ceoil chun an saol ina phobal féin agus mar a mhairtear ann chomh maith leis an gcomhthéacs i gcoitinne a léiriú; cuireann sé ról agus tionchar an ama a chuaigh thart san áireamh ina roghanna ceoil. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Tuigeann an scoláire patrúin agus caidrimh sa cheol trí iniúchadh a dhéanamh ar thonúlacht, cordaí, eochracha agus amchomharthaí in eispéiris éagsúla cheoil. |
| RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Oibríonn scoláirí amach coincheap cruthaitheach agus a shocrú conas é a thabhairt chun críche. Baineann an próiseas seo le dul trí thobsmaointeoireacht, taighde, cleachtadh, cur i láthair, gabháil, measúnú agus machnamh. |
| RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Is féidir leis an scoláire úsáid a bhaint as na meáin theicneolaíocha agus dhigiteacha chun saothair chomhoibríocha chumtha a chruthú; léirithe a thaifeadadh agus a léirmheas agus iniúchadh a dhéanamh ar shaothair cumadóirí, agus a bheith feasach ag an am céanna faoi cheisteanna a bhaineann le cóipcheart agus bradaíl. |

## Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

**Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí**





Sainítear i dTábla 2 roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa Cheol. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

**Tábla 2: Samplaí de naisc idir Ceol na Sraithe Sóisearaí agus na príomhscileanna**

| An phríomhscil | Gné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith uimheartha | Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil | Is féidir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar a ngaol idir na seanraí/stíleanna éagsúla agus cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint trí ghníomhaíochtaí éisteachta agus cumtha. |
| A bheith liteartha | Scríobh ar son cuspóirí éagsúla | Is féidir leis an scoláire ceol a chruthú mar fhreagairt ar spreagthaí éagsúla amhail íomhánna, téacsanna, smaointe/meonta/mothúcháin teibí nó foirmeacha agus píosaí binne eile. |
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Foghlaimeoidh an scoláire láidreachtaí agus laigí pearsanta a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu; breathnú ar a roghanna agus a chinntí; agus cuidiú a lorg agus bheith oscailte don aiseolas ar bhealach a éascaíonn athbhreithniú agus feabhsú. |
| Eolas agus | Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt | Is féidir leis na scoláirí gléasanna digiteacha a úsáid lena léirithe aonair nó grúpa a thaifeadadh, an t-ábhar seo a roinnt lena chéile agus punann forbartha léirithe a fhorbairt. |
| A bheith cruthaitheach | Foghlaim go cruthaitheach | Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar chuir chuige nuálacha le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí an tseomra ranga; mar shampla trí phlé grúpa, gluaiseacht, smaointeoireacht amhairc, teagasc piaraí, úsáid chruthaitheach as teicneolaíocht agus dul sa seans. |
| Cumarsáid | Taibhiú agus cur i láthair | mothúcháin a iniúchadh agus a chur in iúl trí léiriú nó trí chur i láthair. Déanfaidh sé cinntí faoi conas is fearr cumarsáid a dhéanamh lena lucht éisteachta/féachana.<br><br>Trí bheith ag éisteacht le daoine eile agus ag breathnú orthu ag déanamh cumarsáide, is féidir leis an scoláire tuiscint a fhorbairt ar an dóigh lena smaointe a chur in iúl trí mheáin éagsúla agus chuí. |
| Obair le daoine eile | An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint | Foghlaimeoidh na scoláirí conas caidreamh a dhéanamh le piaraí agus le múinteoirí le linn cleachtaí agus gníomhaíochtaí grúpa eile; caitheann siad am ag éisteacht go gníomhach lena chéile agus ag comhroinnt smaointe go hionraic agus go leochaileach; foghlaimeoidh siad conas dearcthaí/smaointe daoine eile a urramú agus a chuimsiú. |
| Fanacht folláin | A bheith muiníneach | Forbraíonn an scoláire muinín agus é ag rannchuidiú le cinntí a dhéanamh laistigh de ghrúpa ceoil agus gníomhaíochtaí agus iarrachtaí cruthaitheacha comhoibríocha á ndéanamh aige. Forbraíonn siad teacht aniar nuair atá deacrachtaí rompu agus ciall don sásamh nuair a bhaineann siad spriocanna amach. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Dírítear sa tsonraíocht do Cheol na Sraithe Sóisearaí ar an deis a thabhairt don scoláire a eolas ceoil, a scileanna agus a fheasacht chultúrtha a fhorbairt, trí rannpháirtíocht phraiticiúil agus chognaíoch leis an gceol. Is féidir é sin a bhaint amach trí na trí shnáithe idirnasctha: Eolas gnásúil, Nuáil agus samhlaigh agus Cultúr agus comhthéacs. Déanfaidh an scoláire foghlaim i ngach ceann de na trí shnáithe seo de réir mar a théann sé ar aghaidh trína shraith shóisearach.




## Snáithe 1: Eolas gnásúil

Chun iniúchadh iomlán a dhéanamh ar a shamhlaíocht, a chruthaitheacht agus a acmhainneacht cheoil caithfidh an scoláire a litearthacht agus scileanna ceoil a fhorbairt ar raon bealaí. Foghlaimíonn an scoláire ceol trí dul i ngleic lena thaithí ceoil, trí mhachnamh a dhéanamh uirthi agus í a mheas. Dá bharr sin, forbraíonn an scoláire réimse leathan scileanna ceoil (teicniúil, éisteach, anailíseach, nodaireachta) agus éiríonn leis tuiscint cheolmhar a bhaint amach. Sa snáithe seo, forbróidh an scoláire an t-eolas gnásúil seo chun go mbeidh sé ábalta leanúint lena nádúr féideartha ceoil féin agus lena smaointe agus iad a bhaint amach le muinín.

Baineann forbairt eolais ghnásúil le foclaíocht sa cheol a fhorbairt trí fhoghlaim agus trí shiombail a úsáid chun fuaim a chur i láthair, cáilíochtaí léiritheacha sa cheol a iniúchadh agus freagairt orthu agus móitífeanna agus fuaimdhreacha gairide ceoil a shamhlú agus a chruthú. Baineann sé le triail a bhaint as gnéithe ceoil amhail buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, struchtúr, tondath, stíl agus tonúlacht.

## Snáithe 2: Nuáil agus samhlaigh

Sa snáithe seo, baineann an scoláire leas as a eispéiris agus a pheirspictíochtaí pearsanta féin chun a smaointe ceoil a fhorbairt, a bheachtú, a chur i láthair agus aiseolas a iarraidh orthu. Forbraíonn sé feasacht faoi fhuaimeanna éagsúla agus faoi acmhainneacht na fuaime chun smaointe a fhoinsiú agus a chruthú, agus chun mothúcháin a chur in iúl.

Rachaidh an scoláire i mbun nuála agus samhlaithe trí cheol a chumadh/eagrú agus a léiriú chun críocha sonracha, ag baint triail as an gceol chun smaointe a baineadh as spreagthaí éagsúla a chur in iúl agus comhoibriú le daoine eile chun smaointe ceoil a fhorbairt agus a mhéadú. Déanfaidh an scoláire cinntí léirmhínitheacha ceoil trí thuiscint chomhtháite ar ghnéithe ceoil a léiriú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun smaointe a nuáil agus a roinnt.

## Snáithe 3: Cultúr agus comhthéacs

Cuidíonn sé tríd an gceol a thuiscint i gcomhthéacs agus ina shuíomh cultúrtha ár gcumas a mhúnlú maidir leis an gceol a dtéimid ina bhun a chruthú, páirt a ghlacadh ann agus a bhreithmheas. Sa snáithe seo, déanfaidh an scoláire iniúchadh ar na timpeallachtaí comhthéacsúla agus cultúrtha a théann i gcion ar chuspóir agus rún sa cheol.

Áirítear air sin tuiscint agus eolas ar an gceol san am a chuaigh thart agus sa lá inniu a fhorbairt; breathnú ar shaothair cheoil mar thráchtanna sóisialta ar chultúir agus ar dhaoine; iniúchadh a dhéanamh ar cheol a bhaineann le réanna, áiteanna, grúpaí sóisialta agus mothúcháin faoi leith agus samplaí de cheol a cloiseadh sa bhaile, ar scoil agus sa phobal i gcoitinne a roinnt agus a phlé.

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama faoi cheannteidil snáithe, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Barrfheabhsaítear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite ar fud na dtrí shnáithe.

Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach thagairt a dhéanamh do thrí ghné.

- Cruthú agus iniúchadh
- Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil
- Breithmheas agus freagairt a thabhairt.

### CRUTHÚ AGUS INIÚCHADH

Trasna na snáitheanna, díríonn na torthaí foghlama sa ghné seo ar thuiscint an scoláire ar an dóigh a gcruthaítear ceol. Déanfaidh sé iniúchadh ar an dóigh a gcuirtear séis le chéile agus an dóigh a gcuirtear fuaimeanna i mullach a chéile chun uigeacht agus armóin a chruthú. Éistfidh, léifidh, agus léirmhíneoidh sé an ceol de réir mar a fhorbróidh sé tuiscint ar rúin agus ar phrótacail chultúrtha cumadóirí agus cóiritheoirí. Cuardóidh agus aimseoidh an scoláire téamaí agus smaointe chun ceol a chruthú trí thurgnamh, trí thobchumadóireacht agus trí iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe, coincheapa agus teicnící ceoil. Bainfidh sé leas as eispéireas daoine eile, ar bhonn áitiúil agus sa chomhthéacs níos leithne araon, chun bonn eolais a chur faoina gcinntí cruthaitheacha féin.


## RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS DÉANAMH CEOIL

Sa ghné seo, glacfaidh an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear a smaointe cruthaitheacha agus léirmhíniú smaointe daoine eile in iúl. Forbróidh an scoláire líofacht agus rialú teicniúil de réir mar a chleachtann sé agus de réir mar a dhéanann sé léiriú ina aonair agus le daoine eile. Bainfidh sé úsáid as taibhiú mar bhealach chun a thuiscint ar ghnéithe ceoil agus ar theicnící uirlise/guthacha a léiriú. De réir mar a chleachtann, mar a athbhreithníonn, agus mar a bheachtaíonn an scoláire an ceol chun é a thaibhiú do dhaoine eile agus le daoine eile, foghlaimíonn sé conas cinntí agus breithiúnais eolasacha ceoil a dhéanamh.

## BREITHMHEAS AGUS FREAGAIRT A THABHAIRT

Dírítear sa ghné seo ar an scoláire agus forbairt á déanamh aige ar a scileanna anailíse, comparáide agus measúnaithe ar phíosaí ceoil. Faoin ngné seo is féidir scileanna éisteachta idirdhealaitheacha a fhorbairt, de réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire conas foinn, rithimí, tionlacain agus armóiní a athchruthú agus de réir mar a fhorbraíonn sé eolas agus tuiscint ar ghnéithe, comhthéacsanna agus teanga an cheoil. Trí bhreithmheas is féidir leis an scoláire a mhothúcháin faoin gceol a chur in iúl, agus tríd an gcumarsáid seo, úsáid a bhaint as an téarmaíocht chuí chun údar a thabhairt le tuairimí agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí ceoil amach anseo. Baintear úsáid as scileanna breithmheasa chomh maith nuair a dhéanann an scoláire a thaibhithe agus a chruthú féin a bheachtú agus a fheabhsú, nuair a oiriúnaíonn sé a smaointe féin agus nuair a fhreagraíonn sé ar shaothar scoláirí eile nó nuair a léirmheasann sé é.

Fíor 3: Saintréith chomhtháite na snáitheanna agus na ngnéithe



Dearadh Ceol na Sraithe Sóisearaí le haghaidh íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Socrófar na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta agus beidh an measúnú deireanach, a mheasfar go seachtrach, ag leibhéal comónta.

Dearadh sonraíocht an Cheoil le cuidiú leis an múinteoir taithí foghlama bhríoch agus spreagúil a phleanáil don scoláire trína gcuirtear ar a chumas eolas, scileanna, tuiscint, luachanna a fhorbairt, chomh maith le cuidiú leis an fheasacht atá aige mar fhoghlaimeoir a fhorbairt. Is féidir leis an múinteoir a phleanáil go ndíreofar ar phríomhscileanna a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí scoláire-lárnacha, agus a aithint nach gá go gcuirfí ar chumas an scoláire an réimse iomlán scileanna in aon ghníomhaíocht amháin ar bith. Is féidir deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí níos mionsonraithe agus níos cuimsithí a thabhairt isteach nuair a bheidh an mhuinín agus an cumas forbartha ag an scoláire chun príomhscileanna a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhíonn ag síordhul i gcastacht.

Tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht seo cothromaíocht a bhaint amach idir doimhneacht agus leithead staidéar an ábhair. Tugann sé sin méid áirithe solúbthachta agus saoirse don mhúinteoir chun an fhoghlaim a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus meon cruthaitheach an scoláire féin. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach, spreagúil agus a thagann le taithí agus ionchais an scoláire ar an bhfíorshaol.

Timpeallacht dhinimiciúil is ea timpeallacht an cheoil, agus mar sin baineann sé leis an scoláire ina iomláine, ina gcuimsítear a ionchas pearsanta, a thaithí cheoil roimhe seo agus ina gcuirtear i láthair le dúshláin nua agus spreagúla iad.  De réir mar a fhaigheann an scoláire taithí trí shaothar a chruthú, páirt a ghlacadh ann agus é a bhreithmheas sa trí shnáithe ar leith, beidh a scileanna criticiúla á bhforbairt aige agus tiocfaidh a nádúr ceoil féin chun cinn.

## Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

### CURACLAM NA BUNSCOILE

Laistigh de Churaclam na Bunscoile, breathnaítear ar an gceol mar chuid den churaclam oideachas ealaíon níos leithne in éineacht le healaín agus drámaíocht. Ag leibhéal na bunscoile, tá trí shnáithaonad i gcúrsa an Cheoil:

- Casadh
- Cumadóireacht
- Éisteacht agus freagairt.

Moltar gníomhaíochtaí ceoil i ngach snáithaonad a chabhraíonn leis an bpáiste feasacht ar ghnéithe idirghaolmhara an cheoil, agus íogaireacht ina leith, a fhorbairt, agus lena thuiscint ar an gceol a fhás. Féachann aidhmeanna churaclam ceoil na bunscoile le:

- cur ar chumas an pháiste léirthuiscint chriticiúil a bheith aige ar an gceol
- a oscailteacht do réimse seánraí a fhorbairt
- a chumas agus a ábaltacht smaointe, mothúcháin agus taithí a fhorbairt tríd an gceol
- taithí a fháil ar an éirí croí a bhaineann le páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruthú ceoil
- scileanna ardoird a chothú trí scileanna, eolas, coincheapa agus luachanna ceoil a ghnóthú.

Tagann na huaillmhianta agus na haidhmeanna sin go mór le bunús Cheol na Sraithe Sóisearaí agus pléitear iad laistigh de na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a tharlóidh trí na torthaí foghlama sa tsonraíocht seo.

## An tsraith shinsearach

Nascann an t-eolas agus na scileanna ar fad atá á bhforbairt ag an scoláire i rith na sraithe sóisearaí go láidir leis an siollabas don cheol sa tsraith shinsearach. Tá tuiscint chriticiúil ar an dóigh a gcruthaítear an ceol, an dóigh a mothaítear é agus an dóigh a dtéann sé i gcion ar chultúir agus ar chomhthéacsanna ina scileanna tábhachtacha don scoláire agus é ag dul tríd an tsraith shinsearach. Trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taibhithe agus iarrachtaí cruthaitheacha, foghlaimíonn an scoláire an dóigh leis féin a chur in iúl trí theanga an cheoil agus modhanna neamhbhriathartha; gnéithe atá ina gcomhpháirteanna lárnacha de shiollabas na hArdteistiméireachta.

Sa tsraith shóisearach cuirtear gníomhaíochtaí seomra ranga i láthair an scoláire a spreagann comhoibriú, cruthaitheacht, nuálaíocht agus cumarsáid, agus tá siad sin ar fad ina gcuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. I gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí, tugtar rogha modúl don scoláire ar féidir leis roghnú astu agus áirítear orthu sin cineálacha ceoil, ceol domhanda, ceol sa phobal, ceol na hÉireann, an tionscal ceoil agus ceol sna meáin. Ina mheasúnuithe ar na modúil sin, bíonn deiseanna ag an scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht déanta ceoil; cuir i láthair a dhéanamh ar thopaicí agus ar théamaí ina rogha fhormáide; tuarascálacha agus agallaimh a ullmhú agus ceol a chur le chéile a bheidh oiriúnach d'fhógraí agus d'úsáid na meán. Úsáideann an scoláire scileanna i ngach ceann de na modúil agus measúnuithe seo a fhorbróidh sé sa tsraith shóisearach, eadhon breithmheas a thabhairt, smaointe a fhorbairt, tagairtí comhthéacsúla a dhéanamh, agus machnamh agus measúnú.

# Ionchais Maidir le Scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an staidéar ceoil sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa cheol go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Chun cabhrú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le scoláirí na torthaí foghlama a fhiosrú, tá gluais de na briathra gníomh a úsáidtear sa tsonraíocht le fáil in Aguisín A. Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin, ná níltear ag moladh iontu ord inar chóir na torthaí foghlama a fhorbairt sa seomra ranga. Cuirtear Ceol na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le difreáil agus cleachtais chuimsitheacha an tseomra ranga.

## Snáithe 1: Eolas gnásúil

**Gnéithe: Cruthú agus iniúchadh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 míreanna gairide ceoil a chumadh, a chur i láthair nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónacha a chruthú lena dtionlacan

1.2 píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach

1.3 tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin

1.4 cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise

**Gnéithe: Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.5 léamh, léirmhíniú agus seinm ó léirithe siombalacha fuaimeanna

1.6 éisteacht le míreanna rithimeacha suas le ceithre bharra agus míreanna séise suas le dhá bharr agus iad a thras-scríobh

1.7 ceol a chur i láthair ar an spota trí mhíreanna rithimeacha séiseacha a sheinn, a chasadh nó a bhualadh

1.8 píosaí ceoil ina n-úsáidtear gléasanna agus uigeachtaí struchtúracha comhchoiteanna a chleachtadh agus a thaibhiú

1.9 tuiscint a léiriú ar réimse méadar agus buillí trí úsáid a bhaint as cnagadh coirp agus bealaí gluaiseachta eile

**Gnéithe: Breithmheas agus freagairt a thabhairt**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.10 plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil áitiúil nó sa phobal

1.11 struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc

1.12 a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán

1.13 comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile

1.14 comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla

## Snáithe 2: Nuáil agus samhlaigh

**Gnéithe: Cruthú agus iniúchadh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 triail a bhaint agus tobchumadh a dhéanamh as cineálacha éagsúla fuaimeanna ar fhoinse fuaime agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin

2.2 ráiteas ceoil (amhail rapcheol nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist tráthúil nó imeacht reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile

2.3 sleachta/móitífeanna/téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú

**Gnéithe: Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé

2.5 saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl

2.6 ostianto rithimeach nó séise a chumadh agus sraitheanna fuaime a chur leis thar an bpatrún nuair a sheinntear arís é, an uigeacht a éagsúlú chun píosa mothaithe a chruthú chun gearrthán scannáin nó seicheamh íomhánna a thionlacan.

2.7 roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna a thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú.

**Gnéithe: Breithmheas agus freagairt a thabhairt**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.8 anailís a dhéanamh ar struchtúr cordúil sleachta ó réimse amhrán agus liosta amhrán a chur le chéile ina mbeidh struchtúir agus réimnithe corda comhchosúla

2.9 idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh

2.10 sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú

2.11 measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an dóigh a measúnaímid an ceol; bealaí a mholadh lenar féidir ceol an scoláire agus ceol scoláirí eile a chomhroinnt chun lucht éisteachta/féachana domhanda a shroicheadh

## Snáithe 3: Cultúr agus comhthéacs

**Gnéithe: Cruthú agus iniúchadh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 comhoibriú le scoláirí eile agus le piaraí chun seinnliosta agus sraith taifeadtaí a dhéanamh le himeacht stairiúil áitiúil nó imeacht comórtha pobail a thionlacan

3.2 scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ceol chun carachtair a mhealladh, a gcaidrimh agus a gcuid mothúcháin, de réir mar a iniúchtar é sa cheol uirliseach ó sheánraí éagsúla

3.3 staidéar a dhéanamh ar stíl chomhaimseartha nó stairiúil ceoil faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi

**Gnéithe: Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.4 glicín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh

3.5 samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla

**Gnéithe: Breithmheas agus freagairt a thabhairt**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs

3.7 píosaí le beirt chumadóirí Éireannacha nó níos mó a chur i gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) agus míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha

3.8 fógra faoi leith a roghnú agus anailís a dhéanamh ar an ról atá ag an gceol maidir le tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn

3.9 scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (e.g. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu

3.10 plé a dhéanamh ar phrionsabal na gceart ceoil agus míniú a thabhairt maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar chomhroinnt agus ar fhoilsiú an cheoil

3.11 iniúchadh a dhéanamh ar an am a thugtar d'ealaíontóirí agus taibheoirí Éireannacha ar na meáin éagsúla áitiúla nó náisiúnta Éireannacha agus na torthaí sin a chur i láthair sa rang

# Measúnú agus Tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i gCeol na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus tugtar an deis dá réir do na múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san fhoireann uirlisí ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais measúnaithe.

Áireofar san fhoireann uirlisí an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do PGSS

Cuimseoidh an measúnú ar an gCeol le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: Punann Chumadóireachta agus Nóta Cláir; scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa. Cuirfear na measúnuithe ar fad ar fáil ag leibhéal comónta. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú ar an scrúdú praiticiúil (a bhíonn ar siúl ag druidim le deireadh na tríú bliana) agus an scrúdú scríofa i Meitheamh sa tríú bliain.

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Cheol

Dhá mharcóir shoiléire atá sna Measúnuithe Rangbhunaithe do Cheol na Sraithe Sóisearaí i dturas foghlama an scoláire, agus iad ina gcuid lárnach freisin de mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas seomra ranga. Sa dóigh seo tá siad cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn i dtrá agus tuile idirghníomhaíocht an tseomra ranga a tharlaíonn gach lá sa rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire.

Beidh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gCeol na sraithe sóisearaí. Bainfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le hobair an scoláire le linn na dara agus na tríú bliana d'oideachas na sraithe sóisearaí.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a chruthaitheacht a spreagadh, iniúchadh a dhéanamh ar an léiriú agus a smaointe a chur in iúl, agus tuiscint a fhorbairt ar conas is féidir leis an gceol a lán rudaí a fhoghlaim dúinn faoi chultúir agus faoi shochaithe. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na tosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc sa cheol. Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna agus an meán seo a leanas don scoláire:

- comhoibriú le daoine eile ar iarrachtaí cruthaitheacha
- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse cuí modhanna
- é féin a chur in iúl i gcomhthéacs neamh-bhriathartha
- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh go muiníneach
- tuiscint a fhorbairt ar an ngaol idir an ceol agus sochaithe
- machnamh a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus a roghanna ceoil.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta

I gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, tugtar deis don scoláire ceiliúradh a dhéanamh ar a éachtaí mar chruthaitheoir déantán ceoil, ach bailiúchán dá smaointe ceoil agus léirithe cruthaitheacha a chur le chéile i réimse seánraí agus stíleanna éagsúla le himeacht ama.

Tríd an bpróiseas seo beidh sé ar chumas an scoláire a ghuth ceoil agus a fhéiniúlacht a fhorbairt. Agus ceol á chumadh aige dá lucht éisteachta roghnaithe foghlaimeoidh an scoláire conas smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.

Tá forbairt léirithe chruthaithigh sa cheol ina ghné lárnach sa chúrsa seo, faoi mar atá léirithe sa bhunús. Tá sé tábhachtach go gcuirfí meon cruthaitheach ina luí ar an scoláire lena mbeidh sé éasca dó turgnaimh a dhéanamh, lenar féidir leis dul sa seans, lena spreagfar é le deiseanna nua agus dúshlánacha a iniúchadh agus lenar féidir leis machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cruthaitheach.

I bhformhór cásanna, tiocfaidh saothar i mbailiúchán an scoláire as trá agus tuile an chleachtais sa seomra ranga. Le bailiúcháin shaothair chumtha an scoláire cuirtear rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann an scoláire an méid seo a leanas:

- an spreagthach don saothar cruthaitheach a shainaithint agus a roghnú
- an fhormáid (na formáidí) ina gcruthófar an píosa ceoil a roghnú
- a smaointe a fhorbairt trí bheith i mbun gnéithe eile den chúrsa ceoil.

Roghnóidh an scoláire dhá phíosa ón bpunann chumadóireachta chun críocha measúnaithe.

Cuirfear béim sa ghníomhaíocht mheasúnaithe seo ar chruthú sraith saothar cumtha ceoil ina bhféadfadh na roghanna seo a leanas a bheith:

- freagairt do spreagthach éisteachta nó amhairc
- píosa ceoil atá ann cheana a eagrú
- freagra a thabhairt ar mhír (míreanna) atá ann cheana
- ceol a chur le téacs
- freagairt ar scéal nó ar théacs
- gligín fógraíochta a chruthú
- píosa ceoil leictreafhuaime a chumadh
- ceol le haghaidh imeacht scoile
- ceol mar fhreagairt ar eispéireas pearsanta.

Níl an liosta seo beartaithe le bheith ina liosta uileghabhálach, ach úsáidtear é lena thabhairt le fios gur cheart don bhailiúchán a bheith ina bhailiúchán éagsúil. Is féidir leis na roghanna atá cuimsithe ann forluí ar a chéile, níl teorainn ar bith ar na roghanna is féidir leis an scoláire a dhéanamh.

Is féidir leis na saothair chumtha a bheith i stíl/seánra ceoil ar bith agus is féidir iad a scríobh d'uirlis nó do ghuth agus mar thaibhiú aonréadach nó grúpa. Is féidir é seo a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun bunbhrí a smaointe a thabhairt le fios.

Tá bonn agus bonn eolais á chur faoin Measúnú Rangbhunaithe seo, ina fhócas ar an gcineál forbartha agus céimnithe a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar smaointe cruthaitheacha, agus ar an scoláire tuiscint ar an bpróiseas cruthaitheach a fhorbairt. An dóigh is fearr le tacú leis seo ná trí chleachtas leanúnach an scoláire san iarracht ealaíonta seo. Chun na críocha sin, spreagtar an scoláire le dréachtaí, athdhréachtaí, agus saothair eile i dtaca leis na saothair chumtha a chuimsiú, cé nach sannfar tuairisceoir leis an saothar seo.

Ní mór machnamh scoláire a chuimsiú le gach ceann den dá shaothar cumtha a roghnófar chun críocha measúnaithe. Is é is aidhm leis sin an deis a thabhairt don scoláire ráiteas gairid a leagan amach ar chuspóir nó ar rún an smaoinimh chruthaithigh, agus iarrann sé ar an scoláire an méid a d'fhoghlaim sé ón bpróiseas agus cad a dhéanfadh sé ar bhealach difriúil ar ócáid ina dhiaidh sin a léiriú.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir

Don Mheasúnú Rangbhunaithe seo, ullmhóidh an scoláire nóta cláir chun eolas a thabhairt do lucht éisteacht faoin ábhar ar a thaibhiú atá ag teacht ina mbeidh scrúdú praiticiúil san áireamh ann féin.

Déanfaidh an scoil an measúnú foirmitheach a bhaineann leis an nóta seo a dhéanamh a thuairisciú don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir faoi mar a dhéantar le gach dara Measúnú Rangbhunaithe. Mar sin féin, faoi mar atá sé mionsonraithe thíos, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an taibhiú a chomhdhéanann an scrúdú praiticiúil a ghrádú.

Tá an nóta cláir seo beartaithe chun léargas a thabhairt ar ábhar an taibhithe atá ag teacht ar bhealach suimiúil agus ábhartha. Cé go bhfuil an léargas seo tábhachtach don lucht éisteachta, saibhríonn sé taibhiú a dhéanfaidh an scoláire chomh maith, toisc nuair a bhíonn eolas ar fáil faoi scéalta na saothar cumtha bíonn tionchar aige sin ar thaibhiú na bpíosaí sin.

Nuair a chuirtear roinnt eolais chúlra faoi na cumadóirí nó na cumadóirí amhrán ar fáil is féidir léargas tábhachtach faoina rúin, agus tuiscint ar comhthéacs níos leithe an cheoil a thaibheofar a chur ar fáil. Trí chomharthaí a chur ar fáil don éisteoir faoin méid a bheidh súil aige a chloisteáil agus roinnt scéilíní suimiúla a thabhairt faoin gcumadóir nó faoin bpíosa, saibhrítear a eispéireas agus tugtar eolas dó faoi.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith sa chlár:

- tús eolais gairid ar na cumadóirí/cumadóirí amhrán
- cur síos ar chomhthéacs stairiúil na bpíosaí agus ar na cúinsí a bhaineann leis an saothar cumtha
- pointe suimiúil ceoil amháin i ngach píosa a bheidh súil ag an lucht éisteachta a chloisteáil
- eiseamláirí cáiliúla de phort nó uirlis
- ról an scoláire i dtaibhiú grúpa.

Beidh tionchar ag a lán tosca ar struchtúr an nóta cláir, agus tabharfar an tsolúbthacht don scoláire méideanna áirithe béime a chur ar ghnéithe agus ar thréithe ceoil éagsúla.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun obair an scoláire a mheas. Beidh na gnéithe cáilíochta ar fáil sna Treoirlínte Measúnaithe ar leith don Cheol. Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích.

| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú[2] AFMÁ |
|---|---|---|
| Punann Chumadóireachta | I dtreo dheireadh an dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| Nóta Cláir | Téarma a dó sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

2 Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú i gCeol na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an t-ábhar agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh obair an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid i measúnú leanúnach ranga ar Cheol na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa i gceist sa scrúdú deiridh. Tabharfar 30% de na marcanna a bheidh ar fáil i leith an scrúdaithe phraiticiúil. Tabharfar 70% de na marcanna a bheidh ar fáil i leith an scrúdaithe scríofa.

## Scrúdú praiticiúil

Déanfar an scrúdú praiticiúil sa tríú bliain. Taibheoidh an scoláire trí amhrán/phíosa ceoil. Is féidir taibhiú aonréadach agus grúpa a mheascadh gan srian. Is féidir na hamhráin/píosaí a chur i láthair ar uirlisí éagsúla chomh maith nó tríd an nguth agus uirlisí le chéile. Déanfar measúnú ar rialú teicniúil, líofacht agus ceolmhaireacht. Tiocfaidh an caighdeán a theastaíonn leis an méid is féidir a bhaint amach i dteagasc rangbhunaithe trí bliana.

Déanfaidh an scoláire scrúdú neamhullmhaithe chomh maith. Roghnódh sé as cluaschuimhne nó (rithimeach nó séis), nó amharcléamh (uirlis/guth/rithimeach) nó tobchumadóireacht. Beidh ceithre bharra sna scrúduithe cluaschuimhne agus amharcléimh. I gcás tobsmaointeoireachta, beidh ar an scoláire tobsmaointeoireacht le haghaidh ceithre bharra ar a laghdú a dhéanamh.

Tabharfar 30% de na marcanna a bheidh ar fáil i leith an scrúdaithe scríofa agus déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) é a mharcáil.

## Scrúdú scríofa

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta. Déanfaidh CSS an páipéar seo a shocrú agus a mharcáil agus tabharfar 70% de na marcanna don mheasúnú deiridh ina leith. Mairfidh an scrúdú uair an chloig go leith agus beidh sé ar siúl ag deireadh na tríú bliana. Le linn an mheasúnaithe sin, iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh.

I mbliain amháin ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó tháblaí na dtorthaí foghlama.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Oiriúnú** | rud éigin a dhéanamh oiriúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Ceangail a dhéanamh** | ceangal a dhéanamh nó rud a dhéanamh bainteach; rud éigin a thabhairt le chéile agus bheith ina chúis le freagairt a thabhairt |
| **Cur síos/ míniú gairid** | ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin |
| **Argóin** | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Trácht** | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd |
| **Cum** | saothar ealaíne a scríobh nó a chruthú, go háirithe ceol nó filíocht |
| **Cruthaigh** | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Déan critíc ar** | gnéithe dearfacha agus diúltacha de, mar shampla, smaoineamh, de dhéantúsán nó de phróiseas ealaíonta a lua, ag tabhairt cúiseanna |
| **Sainmhínigh** | míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Cuir síos** | rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile |
| **Dearadh** | rud éigin a dhéanamh nó a phleanáil do chuspóir faoi leith |
| **Forbair** | rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion |
| **Ceap** | rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Idirdhealaigh** | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| **Measúnaigh (faisnéis)** | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Scrúdaigh** | argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh |
| **Bain triail** | triail agus tástáil a dhéanamh, chun rud éigin nua a fhionnachtain nó le rud éigin a chruthú |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Fiosraigh** | dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| **Aimsigh** | 'aimsigh': téarma ginearálta ar féidir leis ríomh, tomhais, faigh amach, srl., a chur in iúl |
| **Cuir i ngrúpa** | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Léirigh** | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| **Tobsmaointeoireacht a dhéanamh** | ceol a chruthú agus a thaibhiú gan réamhsmaoineamh nó nár ullmhaíodh dó roimhe sin; rud a léiriú nó a dhéanamh as cibé rud atá ar fáil |
| **Léirigh** | rud a léirigh nó a lua; aird a tharraing ar rud |
| **Bain tátal as** | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuig níos mó ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| **Iniúch** | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Liostaigh** | tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| **Cuir i láthair** | rud a thabhairt leat, a thairiscint nó a thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí |
| **Mol** | rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh |
| **Tabhair fianaise** | sonraí, obair agus cáipéisíocht a thacaíonn le tátal nó le conclúid a thabhairt |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Beachtaigh** | feabhas a dhéanamh trí idirdhealuithe mine nó gnéithe ceoil a chur isteach |
| **Cleacht** | cleacht dráma, píosa ceoil, nó saothar eile do thaibhiú poiblí níos déanaí |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Sintéisigh** | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| **Tras-scríobh** | smaointe, urlabhra, sonraí a chur isteach i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; an méid a chloistear i gcarachtair nó in abairtí a scríobh síos |
| **Úsáid** | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |
| **Deimhnigh** | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |

# Aguisín B: Gluais de théarmaí ceoil

Cuireadh an ghluais seo leis an tsonraíocht chun brí théarmaí an Cheoil a mhíniú mar a fheictear iad sa tsonraíocht seo le cuidiú leat í a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Tabhair breithmheas** | Measúnú a dhéanamh ar luach nó ar cháilíocht rud éigin |
| **Cnagadh coirp** | Fuaimeanna a dhéantar ag úsáid codanna den chorp (e.g. greadadh cos, bualadh na leise) |
| **Corda** | Dhá nóta nó níos mó ag fuaimniú ag an am céanna. |
| **Dul chun cinn cordaí** | Sraith cordaí ag fuaimniú ceann i ndiaidh a chéile. |
| **Comhbhrú** | Éifeacht phróiseála a úsáidtear i meascadh agus nó taifeadadh chun raon dinimiciúil an cheoil a rialú nó a laghdú. |
| **Prótacail Chultúr/ Chultúrtha** | Smaointe, gnásanna, cleachtais, luachanna agus iompraíochtaí sóisialta daoine nó sochaí faoi leith. |
| **Saobhadh** | Athrú ar fhoirm comhartha leictrigh nó tonna fuaime le linn próiseála; athrú ar fhuaim uirlisí ceoil leictreacha aimplithe agus a bhaineann den chuid is mó leis an ngiotár leictreach. |
| **Gnéithe ceoil** | Príomh-chomhábhair an cheoil (buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, stíl agus tonúlacht). |
| **Fuaimeanna a thángthas orthu** | Fuaimeanna a chruthaítear as gnáthnithe laethúla (e.g. bataí, clocha, troscán). |
| **Seánra** | Catagóir leathan ceoil nó foirmeacha ceoil (e.g. rac, snagcheol, ceol tíre). |
| **Nodaireacht ghrafach** | Nodaireacht ina gcuirtear fuaim nó ceol i láthair trí chruthanna nó línte nó íomhánna. |
| **Samhlaigh** | Smaoineamh a chruthú; é a chumadh nó a shamhlú. |
| **Tobsmaointeoireacht** | Cruthú ceol gan choinne, bunaithe go minic ar phíosaí séiseach nó armónach atá ann cheana. |

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Ceol Teagmhasach | Ceol a úsáidtear i scannán, dráma, cluiche ríomhaire, ionad siopadóireachta nó meáin eile mar chúlra nó chun atmaisféar faoi leith a chruthú nó a fheabhsú. |
| Glicín | Mana, véarsa nó fonn gairid a gcoinneofar cuimhne go héasca air, go háirithe lena úsáid i bhfógraíocht. |
| Méadar | Grúpáil buillí ina ngrúpaí dhá bhuille, trí bhuille agus ceithre bhuille. |
| Píosa mothaithe | Píosa ceoil ina dtugtar le fios nó ina léirítear mothúchán nó giúmar nó atmaisféar faoi leith. |
| Móitíf | Smaoineamh ceannasach nó athfhillteach i bpíosa ceoil. |
| Ostinato | Patrún tionlacain a sheinntear arís agus arís a bhíonn rithimeach nó séiseach agus a choimeádtar tríd an bpíosa ceoil go leanúnach. |
| Éifeachtaí próiseála | Sraith oibríochtaí meicniúla nó teicneolaíocha ar phróiseas taifeadta trína modhnaítear an bhunfhuaim a cuireadh isteach. |
| Aisfhuaimniú | Éifeacht phróiseála sa chás go n-aisfhuaimnítear fuaim a chruthaítear le huirlis cheoil aimplithe; éifeacht mhacalla a úsáidtear chun éifeachtaí nádúrtha an aisfhuaimnithe sa seomra a athchruthú. |
| Sondas | Cáilíocht fuaime nó tondatha foinse fuaime faoi leith. |
| Foinse fuaime | An meán ina gcruthaítear fuaim (e.g. ar uirlis, trí ghuth a úsáid, rud sa timpeallacht, gléas leictreonach). |
| Spreagthach | Rud éigin a spreagann an scoláire le smaoineamh ceoil a chruthú; is féidir leis an spreagthach teacht as, mar shampla, eispéireas pearsanta, píosa ceoil atá ann cheana, íomhá nó grafaic, nó saothar ealaíne, rud, nó focal. |
| Gléasanna struchtúracha | Gléasanna a úsáidtear chun píosaí ceoil a chumadh agus a chruthú (e.g. móitíf, mír, seicheamh, canóin, aithris, téama agus leagan difriúil). |
| Stíl | An dóigh ina ndéantar an ceol a eagrú i dtaca le coinbhinsiúin áirithe; baineann sé go minic le ré, seánra, léiritheoir nó cumadóir faoi leith. |
| Uigeacht | 'Dlús' fuaime i bpíosa ceoil; d'fhéadfadh sé sin a bheith caol (líne aonair shéise) nó tiubh (cúpla sraith séiseanna, armóiní nó tondathanna). |
| Tondath | Cáilíocht toin nó fuaime faoi leith uirlise nó gutha, nó bailiúcháin uirlisí agus guthanna. |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

(c) 2016 Rialtas na hÉireann

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS